2025/2217

30.10.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2217 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 22 Deireadh Fómhair 2025

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1224 (EUNAVFOR ASPIDES/4/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun an tsaoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583, lenar bunaíodh oibríocht slándála mhíleata muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR ASPIDES ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 17 Meitheamh 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/1224 ([2]), lenar ceapadh an Seachaimiréal Andrea QUONDAMATTEO ina Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR ASPIDES ón 1 Iúil 2025.

(4) An 26 Meán Fómhair 2025, mhol údaráis mhíleata na Gréige an Ceannasóir Michail LAMPIRIS a cheapadh i gcomharbas ar an Seachaimiréal Andrea QUONDAMATTEO mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ('an ceapachán molta').

(5) An 30 Meán Fómhair 2025, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES leis an gceapachán molta amhail ón 6 Samhain 2025.

(6) An 2 Deireadh Fómhair 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh siad go gceapfaí an Ceannasóir Michail LAMPIRIS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Michail LAMPIRIS a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa an Aontais.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/1224 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Ceannasóir Michail LAMPIRIS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht slándála de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ón 6 Samhain 2025.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2025/1224 a aisghairm.

([1]) IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1224 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 17 Meitheamh 2025 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/199 (EUNAVFOR ASPIDES/3/2025) (IO L, 2025/1224, 19.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1224/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Samhain 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK